



GAELSCOIL CHNOC na RÉ

Baile Uí Dhúgáin (Ballydoogan) - Sligeach

Fón: 071-9174019

Faics: 071-9152846

Uimhir Rolla: 20044 I

scoil@cnocnare.net

Polasaí Cláraithe

Tá Bord Bainistíochta Gaelscoil Chnoc na Ré ag leagan amach an pholasaí seo de réir an Acht Oideachais 1998. Tá siúl ag an mBord, tar éis an pholasaí a chur le chéile, go mbeidh cabhair ann do thuismitheoirí i dtaobh cláraithe. Beidh an Cathaoirleach, Bartley Ó Gabháin, Bóthar Larkhill, Sligeach agus Mícheál Ó Broin, an Príomhoide, (071 -9174019) ábalta aon ní eile ag teacht ón bpolasaí a shoiléiriú daoibh. Rinneadh an polasaí seo a thabhairt suas chun dáta i Mí Márta 2011.

Ainm na Scoile: Gaelscoil Chnoc na Ré

Seoladh: Baile Uí Dhugáin,
Sligeach

Guthán: (071) 9174019

Is scoil lánghaelach, caitliceach í Gaelscoil Chnoc na Ré, a ghlacann le páistí de chreidimh eile. Is é an pátrún Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lánghaeilge Teo.

Méid múinteoirí : Tá seachtar múinteoir ranga, múinteoir tacaíochta foghlama agus Príomhoide fostaithe sa scoil .

Raon na ranganna: Is scoil atá ag forbairt Gaelscoil Chnoc na Ré i láthair na huair. Tá páistí againn ó rang na naíonán suas go rang a sé. Glacaimid le rang nua gach bliain. Is scoil meascáithe í, buachaillí agus cailíní, i ngach rang.

Braitheann Gaelscoil Chnoc na Ré ar na deontais agus ar acmhainní atá curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. oibrímid laistigh de na treoracha atá leagtha síos ó am go ham ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Leanann Gaelscoil Chnoc na Ré an churaclam atá ordaithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Déanfar athbhreithniú ar seo ó am go ham de réir altanna 9 agus 30 san Acht Oideachais (1998).

Laistigh de chomhthéacsanna agus treoracha na Roinne, tá cearta an phatrúin leagtha amach san acht oideachais agus an t-airgead agus acmhainn atá ar fáil.

Tugann Gaelscoil Chnoc na Ré tacaíocht do na prionsabail seo a leanas:

- (a) Cuimsitheach, go háirithe i dtaobh cláraithe páistí le míchumas nó le riachtanais speisialta acadúla eile.
- (b) Cothromaíocht i dtaobh cead isteach agus bheith páirteach sa scoil.
- (c) Rogha an tuismitheora i dtaobh cláraithe.
- (d) Meas ar an éagsúlacht i dtaobh creidimh traidisiúin, teanga agus bealaí an tsaoil sa cheantair.

Oscailt na scoile:

Oslóidh an scoil chun glacadh leis na páistí ag 8.50 r.n.. Críochnóidh naíonáin shóisearacha agus shinsearacha ag a 1.30 i.n.. Críochnóidh páistí i ranganna 1-6 ag a 2.30 i.n..

Nós Clárúcháin

Is féidir le tuismitheoir atá suim aige/aicí páiste a chlárú sa scoil, é a dhéanamh ar an lá oscailte (de ghnáth, tarlaíonn sé seo ag tús mí Bealtaine). Is féidir clárú a dhéanamh níos luaithe sa bhliain. Déanfar seo tríd an fhoirm cláraithe a líonadh isteach agus é a sheoladh ar ais ag an scoil. Beidh fógra i dtaobh an lae oscailte sa nuachtáin agus sna ráitis nuachta, seachtain nó dhó roimh an lá.

Eolas Riaracháin

Beidh an t-eolas thíos luaite ag teastáil uainn i gcóir aon pháiste atá á chlárú.

- Ainm, aois agus seoladh an pháiste. Ainm agus seoladh tuismitheora/caomhnóra an pháiste.
- Uimhir gutháin.
- Uimhir gutháin i gcás práinne. Tuairisc faoi aon fhadhb leighis nó síceolaíochta gur chóir go mbeadh ar eolas ag an scoil.
- Creideamh
- Aon scoil eile ar a d'fhreastal an páiste - fáth le haistriú.
- Aon eolas eile gur chóir a chur in iúl faoin Acht Oideachais (1998).

Ag Déanamh Cinneadh

Déanfaidh an Bord Bainistíochta aon chinneadh i dtaobh iarratais i gcóir cláraithe de réir pholasaí na scoile. Clárófar an páiste tar éis an t-iarratas a fháil, má tá spás sa scoil. Má théann na hiarratais thar uasmhéid an ranga a shocraíonn an Bord, nó an íosmhéide méadar cearnach an pháiste de réir treoracha an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Tabharfar áiteanna do pháistí de réir na treoracha thíos luaite:

- (a) An chéad áit do dheartháireacha agus do dheirfiúracha páistí atá sa scoil.
- (b) Páistí ag teacht ó Ghaelscoileanna eile nó ó chúlra gaeilge labhartha.
- (c) Páistí d'éinne atá ag obair sa scoil.
- (d) Dé réir mar a fhaightear na hiarratais go dtí go bhfuil an rang líonta.

Ní ghlacfar le páistí isteach in aon rang níos faide ar aghaidh ná rang a haon, ach amháin más rud é go bhfuair siad oideachas trí mheán na Gaeilge. I gcás eisceachtúil d'fhéadfadh an Bord glacadh le páiste tar éis dóibh meastóireacht a dhéanamh air/uirthi.

Caithfidh an Bord Bainistíochta cloí le rialacha an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Dé réir na rialacha seo níl cead ag páiste dul ar scoil go dtí go bhfuil sé/sí ceithre bhliana d'aois. Tá ar pháiste bheith ar scoil faoin am a sroicheann sé/sí sé bhliana d'aois.

Dáta Cead Isteach

Toisc go bhfuil an scoil ag forbairt, glacfar le páiste sna ranganna naíonán agus rang a haon uair ar bith i rith na bliana.

Clárú Páistí le Riachtanais Speisialta

Tá cóip de thuairiscí leighis agus de thuairiscí síceolaí ag teastáil ón mBord Bainistíochta i dtaobh páistí le hiarratais speisialta. Muna bhfuil an tuairisc le fáil, iarrfar ar na tuismitheoirí meastóireacht a fháil déanta ar an bpáiste láithreach. An fáth leis an meastóireacht ná go dtabharfaidh sé seo cabhar don scoil na riachtanais acadúla agus traenála a chruthú atá ag teastáil ón bpáiste. Freisin, chun tacaíocht a fháil dó/dí.

Tar éis dóibh an tuairisc a fháil, déanfaidh an Bord Bainistíochta meastóireacht ar chonas is féidir leo na riachtanais atá leagtha amach san tuairisc a chomhlíonadh. D'fhéadfadh aon cheann de na hacmhainní seo a leanas bheith san áireamh - seirbhís múinteora ar chuairt nó múinteora acmhainne. I gcás páistí le riachtanais speisialta - cúntóir riachtanais speisialta, fearas speisialta, troscán, seirbhísí taistil nó seirbhísí eile.

Buailfidh an scoil le tuismitheoirí an pháiste chun riachtanais an pháiste a phlé. D'fhéadfadh coinne leis na páirtithe seo a leanas le chéile a bheith ann más gá - tuistí, príomhoide, múinteoir ranga, múinteoir tacaíochta feabhais, múinteoir an rang speisialta, múinteoir acmhainne agus an síceolaí.

D'fhéadfadh clárú a chur siar go dtí:

- go mbeidh tuairisc na meas tóireacha faighte;
- go mbeidh na hacmhainn luaite san tuairisc atá ag teastáil ón bpáiste faighte ag an scoil ón Roinn Oideachais.

Páistí ag Aistriú

Is féidir le páistí aistriú go dtí an scoil aon uair má tá spás sa scoil agus tar éis cead a fháil ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Caithfidh páiste atá ag aistriú eolas i dtaobh cláraithe agus dul chun cinn a thabhairt leo.

Cód Iompair

Tá cód iompair Gaelscoil Chnoc na Ré curtha leis an bpolasaí seo.